



Deacrachtaí Cuimhne a Thuiscint



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

Deacrachtaí Cuimhne a Thuiscint

Is den tábhacht an chiall atá le téarmaí éagsúla a úsáidtear le cur síos ar an chuimhne a shoiléiriú óir éiríonn míthuiscint aníos nuair a chuirimid ár ngnáth-thuiscint i gcomhthéacs téarmaí a bhfuil ciall níos sainiúla leo agus iad á n-úsáid sa taighde síceolaíochta. Is é 'cuimhne ghearrthéarmach' an téarma is suntasaí i dtaca le soiléiriú de. Nuair a thagraítear do dheacrachtaí a bhaineann le cuimhne ghearrthéarmach maidir le deacrachtaí disléicse agus forbairt litearthachta, tá síceolaithe ag tagairt do dheacrachtaí a bhaineann le cuimhne ghearrthéarmach taobh istigh de mhúnla na cuimhne feidhmiúla agus ní dár ngnáth-thuiscint ar dheacrachtaí a bhaineann le cuimhneamh sa ghearrthéarma. Ba chóir cuimhneamh air seo nuair a bhíonn doiciméid, ailt agus foilseacháin éagsúla á léamh a thagraíonn do dheacrachtaí a bhaineann le cuimhne ghearrthéarmach.

Cad is cuimhne fheidhmiúil ann?

Tagraíonn cuimhne fheidhmiúil do choinneáil eolais sa stóras gearrthéarmach (sealadach) a fhad is atá eolas nua á phróiseáil agus atá eolas á athfháil ón stóras fadtéarmach. Tagraíonn stóráil ghearrthéarmach, taobh istigh den mhúnla cuimhne feidhmiúla seo, d'eolas a choinneáil sa chuimhne ar feadh 'soicindí' go dtí go n-imíonn sé nó go bhfágtagar i leataobh é. Tig leis an ghnáthdhuine fhásta breis agus sé nó seacht d'aonaid eolais a choinneáil sa chuimhne ghearrthéarmach. De réir Gathercole agus Alloway (2008), má bhaintear d'aird an pháiste nó má chuirtear isteach air/uirthi agus é/í ag úsáid na cuimhne feidhmiúla cailtear an próiseas agus ní thig leis an pháiste atosú ón áit ar cuireadh isteach orthu. Caithfidh an páiste tosú ar an tasc ón tús arís. Maíonn siad fosta go dtig le múinteoir, i rang ina bhfuil 30 páiste seacht mbliana d'aois, bheith ag dúil le 3 páistí cumas cuimhne feidhmiúla páiste 4 bliana d'aois a bheith acu agus 3 páistí cumas cuimhne feidhmiúla páiste 10 mbliana d'aois a bheith acu. Bíonn tionchar suntasach ag na difríochtaí seo ar an fhoghlaim agus ar an chumas chun plé le straitéisí éagsúla atá in úsáid go forleathan san am i láthair leis an fhoghlaim a chur chun cinn. De réir Gathercole agus Alloway (2008) is iondúil go léiríonn páistí ag a bhfuil scóir arda cuimhne feidhmiúla scileanna léitheoireachta den scoth ag gach aois agus go ngnóthaíonn siad

go maith fosta i dtrialacha cumas matamaitice. Os a choinne sin, páistí ag a bhfuil scóir ísle cuimhne feidhmiúla, bíonn claonadh acu feidhmíocht faoin mheánleibhéil a bheith acu ar na tomhais ghnóthachtála seo.

Cad é atá i gceist le cuimhne ghearrthéarmach nuair a úsáideann síceolaithe é?

Tagraíonn 'cuimhne ghearrthéarmach' go díreach do stóráil eolais (ar feadh roinnt soicindí) nach gcaithfear a láimhseáil ar dhóigh ar bith. Má bhíonn orainn an méid atá á choinneáil againn sa chuimhne ghearrthéarmach a láimhseáil le tasc a chomhlánú nó le linn dúinn bheith ag déanamh rud éigin eile san am céanna, táimid ag úsáid na cuimhne feidhmiúla. Tá an-tábhacht leis an idirdhealú seo.

Cad is cuimhne ghearrthéarmach ann faoi mar a bhaineann sí lenár ngnáth-thuisicint ar an téarma?

Tá an ghnáthchiall choiteann a bhaineann le cuimhneamh sa ghearrthéarma, mar sin de, an-difriúil leis an sainmhíniú a úsáideann síceolaithe agus iad ag tagairt do chuimhne ghearrthéarmach taobh istigh de mhúnla na cuimhne feidhmiúla. Nuair a úsáidimid ár ngnáth-thuisicint ar chuimhne ghearrthéarmach, d'fhéadfaimis bheith ag tagairt do rud éigin nach féidir cuimhneamh air i ndiaidh leathuaire, leathlae nó dhá lá níos moille. Is coincheap é seo a thig le cuid mhór tuismitheoirí a thuisicint ... go ndéanann a bpáiste dearmad réidh de rudaí áirithe agus go bhféadfadh deiseanna a bheith de dhíth air/uirthi le 'ró-fhoghlaim' a dhéanamh ionas go gcuimhnítear ar rud éigin sa ghearrthéarma agus go ndéantar cuimhne bhuan de. Bíonn cuid mhór athrá de dhíth ar bhonn rialta ar chuid mhór páistí sula n-aistrítear eolas go dtí an stóras cuimhne fadtéarmaí. Beidh i bhfad níos lú de dhíth ar pháistí eile maidir le hathrá agus cleachtadh. Mar sin féin, bíonn níos mó ná athrá agus cleachtadh de dhíth le heolas a stóráil go héifeachtach sa chuimhne fhadtéarmach agus cé gur cuidiú é an cleachtadh maidir le heolas a stóráil (mar shampla, cuimhneamh ar uimhir ghutháin), cuireann sé isteach ar an chuimhne fheidhmiúil.

Cad is cuimhne fhadtéarmach ann?

Tagraíonn cuimhne fhadtéarmach do stóráil bhuan eolais i stórais cuimhne atá suite i gcodanna éagsúla den inchinn. Ba chóir a chuimhneamh go gcuidíonn ciall a bhfocal le heolas a athfháil ón chuimhne fhadtéarmach. Mura gceanglaítear ciall don fhoghlaim nua, beidh an athfháil deacair nó fiú dodhéanta, m.sh. is an-mhinic a dhéanann páistí a fhoghlaimíonn fuaimeanna go haonarach gan comhthéacs dearmad díobh óir nach bhfuil aon ciall bhainteach acu.

Tá an-tábhacht ag baint le patrún fosta maidir le héileamh an chumais theoranta taobh istigh de stórais chuimhne fadtéarmaí a laghdú. Tá tábhacht ag baint le patrún fosta maidir le heagrú éifeachtach cuimhne, pléifear é seo ar ball.

Cad é a chiallaíonn sé seo i dtaca le foghlaim agus teagasc de?

Bíonn fadhbanna cuimhne ag cuid mhór páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, rud a fhágann an fhoghlaim níos deacra. Tá sé iontach tábhachtach go dtig le múinteoirí na héilimh cuimhne a mheas sna straitéisí a bhíonn siad a úsáid. I gcásanna áirithe, is é a dhéanann idirghabhálacha a chuireann brú ar ghnéithe éagsúla den chuimhne ná cur leis na deacrachtaí seachas iad a mhaolú. Chomh maith le deacrachtaí foghlama páiste a mheas, is gá do mhúinteoirí na héilimh cuimhne a mheas sna straitéisí a bhíonn siad a úsáid.

Díol spéise go bhfuarthas amach tríd an taighde a rinne Everett, Weeks, agus Brooks (2008) nár ghnóthaigh páistí ar a bhfuil disléicse, máchail shainiúil theanga agus deacrachtaí measarthach foghlama chomh maith, beag ná mór, le cóimheastóirí maidir le:

- Feasacht fhóineolaíochta
- Mearainmniú
- Réise bhriathartha

Ní raibh difear suntasach idir feidhmíocht páistí ar a bhfuil Diospraicse, deachracht mhothúchanach agus iompraíochta (DMI) agus Neamhord Easnamh Airde (NEA) na cóimheastóirí agus thabharfadh sé sin le fios go mb'fhéidir go mbeadh gá le cosá(i)n teagmhasach eile lena scóir ísle litearthachta a mhíniú.

Cad is réise bhriathartha ann?

Tá réise bhriathartha ar na tomhais a úsáidtear nuair a bhíonn deacrachtaí a bhaineann le cuimhne ghearrthéarmach agus cuimhne fheidhmiúil á meas. Mar shampla, baintear úsáid as cuimhne ghearrthéarmach nuair a iarrtar ar pháiste seicheamh simplí ar nós 2, 5, 8 a athrá ach baineann cuimhne fhadtéarmach le seicheamh simplí ar nós 2, 5, 8 a chur i láthair páiste agus ansin a iarraidh air/ uirthi é a athrá ar gcúl. Is tasc cuimhne feidhmiúla é seo óir caithfidh an páiste na digití 2, 5, 8 a choinneáil sa chuimhne ghearrthéarmach bhriathartha le linn dó bheith ag oibriú amach an dóigh lena athrá ar gcúl.

Maíonn Gathercole agus Alloway (2008:35) gur fearr an réamhtháscaire ar ghnóthachtáil cumas cuimhne feidhmiúla seachas cuimhne ghearrthéarmach maidir le réimsí ar nós na léitheoireachta.

Prionsabail maidir le hidirghabháil cuimhne feidhmiúla

Molann Gathercole, S. agus Alloway, T (2008: 70-90) na croíphrionsabail seo a leanas maidir le hidirghabháil cuimhne feidhmiúla. Tugtar roinnt samplaí mar shoiléiriú nuair is gá.

Teipeanna cuimhne feidhmiúla a aithint

1. Cuimhneamh neamhiomlán
2. Gan treoracha a leanúint
3. Earráidí ionadchoinneála
4. Éirí as tasc

Monatóireacht ar an pháiste

1. Bheith ar d'airdeall maidir le comharthaí ró-ualú cuimhne feidhmiúla (féach thuas)
2. Ceist dhíreach a chur ar an pháiste cad é atá se/sí a dhéanamh

Éilimh oibre gníomhaíochtaí foghlama a mheas

1. Ró-fhada (deacair ag páistí faoi 10 a bhfuil deacrachtaí cuimhne feidhmiúla acu 3 mhír nó níos mó a choinneáil ina stórais ghearrthéarmacha)
2. Ábhar nach eol dóibh agus nach bhfuil ciall fhollasach leis a chuireann ualach mór ar an chuimhne fheidhmiúil
3. Gníomhaíocht dhian phróiseála mheabhrach (ualach cuimhne agus tasc a phróiseáil m.sh. fuaimeanna aonair i bhfocail a shainaithint agus a chumasc mar a bhfuil níos mó ná dhá fhóinéim – is gníomhaíocht dhian phróiseála mheabhrach í seo do pháistí a bhfuil deacrachtaí cuimhne feidhmiúla acu)

Ualaí cuimhne feidhmiúla a laghdú

1. Méid an ábhair a laghdú (m.sh. abairtí níos giorra a úsáid. Treoir a thabhairt le gníomhartha bainteacha sa dóigh gur fusa cuimhneamh ar an treoir)
2. An chiall atá leis an ábhar agus an méid de atá ar eolas cheana a mhéadú (úsáid patrúin agus comhghaolta a bhfuil ciall leo a chinntiú)
3. An phróiseáil mheabhrach a shimpliú (m.sh. struchtúr gramadaí abairtí a shimpliú. A chinntiú go n-aithníonn páistí níos mó aonaid fuaime le haghaidh díchódú agus ionchódú, m.sh. cumaisc agus rímeanna tosaigh. Tig leo seo éilimh cuimhne feidhmiúla a laghdú go mór. Is féidir na héilimh Cuimhne

Feidhmiúl (CF) i bhfocail aonsiollacha a laghdú go dhá aonad trí 'thúsfhoghar agus foghar deiridh' a úsáid.

4. Tascanna casta a athstruchturú (tascanna a bhriseadh anuas ina gcéimeanna neamhspleácha).

Bheith sásta athrá a úsáid

Bain feidhm as straitéisí a chuireann an t-athrá in oiriúint do riachtanais daltaí aonair. Ní bhíonn athrá de dhíth ar gach páiste. Spreag páistí a bhfuil deacrachtaí CF acu an t-athrá a iarraidh nó cruthaigh páirtíocht idir páiste ag a bhfuil deacrachtaí CF agus páiste ag a bhfuil scileanna maithe cuimhne.

Úsáid áiseanna cuimhne m.sh. cártaí pearsanta cuimhne a spreagadh

- Áiseanna scríbhneoireachta (Cad is abairt ann? póstaer/áiseanna litrithe)
- Áiseanna matamaitice (eangacha iolraithe, uimhirlínte, méara, cártaí cuimhne)
- Gairis éisteachta
- Bogearraí ríomhaireachta

An páiste ag úsáid straitéisí le tacú le cuimhne a fhorbairt

- Cuidiú a iarraidh (duine a roghnú le ceist a chur air/uirthi)
- Cleachtadh (méideanna beaga d'eolas briathartha)
- Glacadh nótaí (nótaí a sheiceáil go rialta nuair a bhítear ag gabháil do thasc)
- Cuimhne fhadtéarmach a úsáid (píosaí a bhfuil ciall leo seachas píosaí móra fada)
- straitéisí Ionadchoinneála agus eagrúcháin (léaráidí, sreabhchairteacha le struchtúr an taisc a léiriú)

Samplaí de thionchar deacrachtaí cuimhne feidhmiúla

1. EAGRÚCHÁN

De réir Gathercole agus Alloway (2008), le bheith eagraithe caithfimid bheith ábalta liosta den mhéid atá le déanamh againn nó an méid atá de dhíth orainn i rith an lae ar fad, a iompar thart linn inár gceann. Má ligtear na mionsonraí seo i ndearmad gan mhoill, fágann sé sin gnáthimeachtaí an lae an-deacair agus an-strusmhar.

Léiríonn cuid mhór páistí ag a bhfuil deacrachtaí cuimhne feidhmiúla nach bhfuil siad dea-eagraithe .

Tugann siad le fios gur chóir cuidiú a thabhairt maidir le heagrúchán pearsanta trí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- Amchláir laethúla
- Liosta de réada a bhíonn de dhíth faoi choinne gníomhaíochtaí nó ranganna ar leith
- Dialanna
- Roinnteoir fillteáin
- Mála scoile ina bhfuil codanna ar leith mar chuidiú le heagrúchán cibé leabhair agus ábhair atá de dhíth
- Machnamh ar cá huair a fhilleann daltaí meánscoile ar a gcuid taisceadáin agus cuidiú leo maidir leis an mhéid atá de dhíth orthu a eagrú agus an chéad uair eile a fhillfidh siad.

2. AIRD

Cuireann Gathercole agus Alloway (2008) béim fosta ar a aithint go mbíonn an chuma ar pháistí ag a bhfuil cuimhne theoranta fheidhmiúil nach bhfuil siad ag tabhairt airde ar a gcuid oibre, trí cheist a chur ar an dalta taobh leo faoina

ndúirt an múinteoir nó trí shíorchur isteach. D'fhéadfaí gur inniúlacht theoranta cuimhne feidhmiúla is cúis leis seo.

Molann siad do mhúinteoirí BHEITH FOIGNEACH:

- Cloígh le treoracha simplí, seachain treoracha casta. Tabhair treoir amháin ag am amháin.
- Tabhair am breise le machnamh a dhéanamh sa dóigh go mbíonn am ag an pháiste leis an mhéid atáthar i ndiaidh a rá a phróiseáil.
- Comhaontaigh leis an pháiste dóigh dhiscréideach lena chur in iúl go mbíonn am breise de dhíth.
- Cuir an páiste ina s(h)uí in áit a mbíonn an chumarsáid go héasca .i. ag tosach an ranga, in aice leis an mhúinteoir.
- Déan croífhocail nó croífhrásaí a athrá.

3. SCRÍBHNEOIREACTH

- Ba chóir an gá le cóipeáil, go háirithe ón chlár, a sheachaint.
- Ceadaimh modhanna clárúcháin eile m.sh. meabhairmhapaí, léaráidí, Deachtafón.
- Tabhair isteach peannaireacht cheangailte a luaithe agus is féidir óir laghdaíonn sé seo deacrachtaí aimsithe áite agus treoshuímh (Pléann McMurray, Drysdale agus Jordan (2009) iarmhairt deacrachtaí luailphróiseála ar an fhoghlaim).

4. LITRIÚ

Deachtú

Is maith an modh iad abairtí deachtaithe leis an litriú a chleachtadh agus a thástáil. Molann Hornsby ('Alpha to Omega') an cur chuige seo a leanas le cuidiú le deacrachtaí cuimhne feidhmiúla:

- An abairt iomlán a dheachtú.
- Iarraidh ar an pháiste í a athrá.
- Í a dheachtú arís, ag rá gach focal go han-soiléir.
- An páiste an abairt a scríobh, á rá go soiléir agus é/í á scríobh.
- Iarraidh ar an pháiste a bhfuil scríofa aige/aici, gan cur chuige ná uaidh, a léamh os ard.
- Moltar ceartúcháin deiridh mura dtaga an dalta féin orthu.

Patrúin agus seichimh

Maidir leis an Bhéarla, tá ortagrafaíocht dhomhain (deep orthography) i gceist agus nuair a bhíonn na chéad chéimeanna foghlamtha ag páistí (.i. CVC, CCVC, CVCC) is féidir an iliomad mapálacha fuaime/siombaile a bheith i gceist sa dá threo.

Tá tábhacht fhadbhunaithe le 'túsfhoghar agus foghar deiridh' a theagasc. Is straitéis tosaigh í an fhónaic synthetic. Molann (2007), áfach, úsáid na fónaice sintéisí i réamhranganna (BL1, TÉ). Mar sin féin, caithfidh páistí bogadh ar aghaidh ón chur chuige seo, rud a gcuireann Turner agus Bodien béim air. Baineann siad feidhm as fianaise as cás-staidéar ar pháiste 7 mbliana d'aois ar theip uirthi dul chun cinn a dhéanamh d'ainneoin go leor teagasc fónaice.

'Ní raibh sí ag roinnt focal ina 'túsfhoghar agus foghar deiridh'. Mar thoradh air sin, i dtaca léise de, ba mhír nua aici gach focal ar chuir sí dua uirthi féin lena dhíchódáil fóinéim ar fhóinéim seachas a ndíchódú trí analach le liostaí amhail 'cat, fat, mat, sat, and hat' mar nach gá ach an chéad fhóinéim a athrú! lch. 41

Aithníonn múinteoirí páistí ina rang a léann ar an dóigh mhaslach shaoithíneach seo agus caithfidh siad a chinntiú go mbogann siad chun cinn agus ar shiúl ón róthuilleamaíocht seo ar dhíchódáil ag leibhéal na fóinéime. Mura dtig le páistí siombailí a shainithint

mar aonaid aontaithe agus an siolla a scoilteadh ag leibhéal túsfhoghair agus foghair dheiridh, d'fhéadfadh siad deacrachtaí cuimhne agus athfhála a bheith acu a léirítear mar léitheoireacht neamhlíofa (dysfluent) agus earráidí litrithe atá intuigthe ó thaobh na fónaice de. Má athdhéantar na hearráidí litrithe seo agus má scríobhtar go mion minic iad, d'fhéadfaí iad a neadú sa chuimhne nó d'fhéadfadh deacrachtaí fadtéarmacha litrithe a bheith mar thoradh ar thuilleamaíocht leantach ar ionchódú de réir fuaime. Aithníonn múinteoirí fosta, páistí ina rang ar léitheoirí maithe iad ach gur drochlítreoirí iad. Ní bhíonn a fhios ag an ghrúpa páistí seo cé acu atá cuma cheart ar litriú nó nach bhfuil. Cuireann na deacrachtaí litrithe as go mór do mhúinteoirí óir ní thuigeann siad an fáth a mílitríonn páistí focail a thig leo a léamh. Ar an drochuair, bíonn deacrachtaí litrithe ag páistí áirithe i bhfad i ndiaidh réiteach na ndeacrachtaí léitheoireachta agus tig leo maireachtáil ar feadh a saoil (Trieman 1997, Frith 1980).

Moltaí

1. Cinntigh gur ionann an litriú sna fuaimeanna a dhéanann siad agus an patrún amhaire litrithe. Mar shampla, breathnaigh ar na trí ghrúpa litrithe Béarla thíos:-

1. 'red, bed, fed, led'
2. 'bread, head, lead'
3. 'said'

Ba mhealladh a chaitheamh le Liostaí 1, 2, 3 mar thrí ghrúpa ar leith cé go bhfuil an fhuaim chéanna ríme acu. Níor chóir iad a theagasc i gcuideachta a chéile. Cé gur minic an focal 'said' le feiceáil i leabhair léitheoireachta, is minic a théann páistí ag a bhfuil deacrachtaí litearthachta siar go dtí straitéis ionchódaithe agus baineann siad feidhm as na fóinéimí aonair is túsce a thagann chun cuimhne acu. Má dhéanann páistí iarracht focail a litriú le fóinéimí astu féin, d'fhéadfaí an focal 'said' a litriú mar 'sed' agus d'aithneodh go leor múinteoirí é seo mar mhilitríú coitianta. Is é an chiall agus a aithint

go bhfuil an chuma cheart ar fhocal atá taobh thiar d'athfháil ceartlitrithe (smaoinigh ar 'their' agus 'there'). Ní féidir an t-eolas go bhfuil an chuma cheart ar litriú a bhaint amach ach amháin má bhíonn léiriúcháin ina c(h)uimhne ag an pháiste den phatrún cheart ina bhfuil an focal.

Is gá patrúin agus seichimh atá comhsheasmhach maidir le fuaim agus litriú má bhíonn an chuimhne fhadtéarmach agus an phróiseáil ghearrthéarmach le forbairt taobh istigh den chuimhne fheidhmiúil. Tá teorainn le hacmhainn an fhocalstóir mheabhrach (cuimhne amhairc faoi choinne focail iomlána agus patrúin litreacha) agus caithfidh páistí a aithint má thig leo focal amháin sa phatrún a litriú go dtig leo cuid mhór eile sa phatrún chéanna a litriú. Má thig liom 'red' a litriú, tig liom 'bed' a litriú tríd an túsphuaim (fóinéim) a athrú. Laghdaíonn an réasúnaíocht trí analach an t-ualach ar an chuimhne fheidhmiúil.

2. Déan iarracht páistí a chur ó litriú trí fhuaim amháin aon uair amháin atá siad thar an chéim CVC. Earráidí litrithe fónaice ar nós 'becos' in áit 'because' is toradh do litriú trí fhuaim gan aird ar eolas ortagrafaíochta (.i. eolas ar fhocail iomlána agus ar phatrúin 'túsfhoghair agus foghair deiridh'). Ar shamplaí eile d'earráidí litrithe fónaice tá 'helpt' in áit 'helped', 'dancd' in áit 'danced', 'landid' in áit 'landed'. Is den tábhacht tarraingt ar rialacha litrithe (eolas moirfeolaíoch) leis an chineál seo earráid litrithe a shárú m.sh. 'ed' a chur le briathra mírialta leis an aimsir chaite a chur in iúl.
3. Ná grúpáil focail le chéile riamh ó thaobh amhairc de beag beann ar an fhuaim m.sh. 'prove, glove, stove'. Cuireann na grúpálacha seo páistí ar a bhfuil disléicse trína chéile óir níl siad comhsheamhach maidir leis an fhuaim atá leo.
4. Cuireann Trieman (1997) agus Frith (1980) beirt in iúl nach dtig le páistí ag a bhfuil deacrachtaí litrithe roghnú ó réimse de litrithe inmholta agus is earráidí fónaice a bhíonn acu i gcónaí. Ná grúpáil litrithe ag a bhfuil an fhuaim chéanna ach litriú difriúil m.sh. fóinéimí guta amhail 'though, go, toe, show, note, boat'. Cuireann na grúpálacha

seo páistí ag a bhfuil tearcphróiseáil ortagrafaíochta trína chéile go mór.

5. Ba chóir focail mhírialta a fhoghlaim trí úsáid teicnící ilchéadfacha m.sh. Amharc, abair, clúdaigh, scríobh, seiceáil; rianú ar ghreanpháipéar agus san aer; litreacha adhmaid nó maighnéadacha a úsáid le focail a litriú; peannaireacht cheangailte a úsáid.
6. Ba chóir focail ardmhínicíochta mhírialta a theagasc ina ngrúpálacha séimeantaice i luathchéimeanna fhorbairt an litrithe

5. FOGHLAIM AINMNEACHA AGUS FUAIMEANNA NA LITREACHA

Molann Turner agus Bodien (2007) gur gá do pháistí óga idir ainmneacha agus fhuaimneanna na litreacha a fhoghlaim. Dáiríre, is líon an-bheag páistí a mbíonn deacracht acu le hainmneacha litreacha na haibítire a fhoghlaim. Is teagasc tábhachtach ag leibhéal an ranga iomláin é teagasc ainmneacha na litreacha. Cuireann Carroll et al (2003) in iúl go bhfuil comhghaol cómhálartach idir eolas ar litreacha agus feasacht ar fhóinéimí. Maidir leis an líon beag páistí a mbíonn deacracht acu, molann Turner and Bodien (2007) ainmneacha na litreacha a fhoghlaim trí úsáid litreacha adhmaid (éiríonn go fíormhaith leis an 'alphabet arc' mar mhodh chuige seo). Molann siad gur chóir fuaimeanna na litreacha a theagasc nuair a bhítear ag obair le luascháirtá nó le litreacha maighnéadacha.

'Is cuidiú é do na páistí fios a bheith acu cén freagra atá le tabhairt ar gach meán má choinnítear úsáid fhuaimneanna na litreacha scartha go fisiciúil ó úsáid a n-ainmneacha.' L27

6. TUISCINT LÉITHEOIREACHTA

Is é an tuiscint aidhm na léitheoireachta agus téann teorainneacha a bhíonn le hacmhainn cuimhne feidhmiúla go mór i bhfeidhm air seo.

Míníonn Gathercole agus Alloway (2008: 54) an dua atá i gceist maidir leis an tasc atá idir lámha

'trí na focail a aithnítear ó chló a choinneáil ar feadh tréimhse chuí ama le cur ar chumas an léitheora na focail a nascadh lena chéile le léirthuiscint a bhfuil ciall léi ar an chlásal, nó ar an abairt nó fiú ar phíosa téacs is mó ná sin a tháirgeadh'.

Má chuirtear a thuilleadh castachta leis an phróiseas seo tríd an ghá atá le díchódú, déantar tasc dodhéanta de thuiscint na léitheoireachta. Caithfidh an léitheoir ar a bhfuil disléicse dul i ngleic leis an téacs go mion minic le ciall a bhaint as. Aithnítear go mbíonn fadhbanna ag páistí ar a bhfuil disléicse maidir le 'haonadú' fuaimeanna. Is é is aonadú (Bresnitz, 2006) ann an cumas chun aonaid atá ag dul i méad, ó litreacha go patrúin litrithe go focail iomlána a phróiseáil agus iad a cheangal le cóid fóineolaíochta agus séomeantaic sa chuimhne. Más gá do pháistí focail anaithnide a dhíchódú, ag glacadh gach fuaime ar a seal, d'fhéadfaí go bhfágfadh éilimh díchódaithe na cuimhne feidhmiúla aonadú na bhfuaimeanna dodhéanta. Is ridhéacair le páistí ag a bhfuil deacrachtaí cuimhne feidhmiúla fuaimeanna a chumasc. Nuair a chuirtear éilimh an díchódaithe le héilimh na cuimhne feidhmiúla le gach focal in abairt a léamh, is léir na deacrachtaí a bhíonn ag roinnt páistí le tuiscint na léitheoireachta.

Comharthaí rabhaidh (Turner agus Bodien, 2007 lch. 75)

- Tá a oiread saothraithe ag baint le díchódú go dtógann sí acmhainn na CUIMHNE FEIDHMIÚLA. Mar thoradh air seo, tig le dalta abairt a dhíchódú gan ciall na habairte a phróiseáil.
- Tugtar neamhaird ar an phoncaíocht.
- Ní aithnítear infeireas.
- Creideann an dalta gurb é an díchódú sprioc phróiseas na léitheoireachta.
- Ní théann an dalta 'i ngleic' leis an téacs.
- Ní aithnítear ná ní thugtar aird ar chroí-abairtí ná ar chroífhocail.

Moltaí

- Sleachta cloze a úsáid

- Cleachtaí críochnú abairtí
- Anailís paragraf

Anailís paragraf a dhéanamh (ord abairte, infheiris, an dóigh a dtógann gach abairt mionsonraí go carnach)

- Croífhocail a úsáid a aibhsíonn na príomhsmaointe agus mar a nasctar iad agus léaráid a dhéanamh.
- Croífhocail a bhaineann le hinfeiris a aithint agus iad a nascadh leis na príomh-chroífhocail.
- An léaráid a úsáid mar leid leis an pháiste a threorú nuair a bhíonn an paragraf á scríobh ina abairtí agus a c(h)uid focal féin á n-úsáid.

Conclúid

Is é aidhm an pháipéir seo intreoir a thabhairt do mhúinteoirí ar dheacrachtaí cuimhne, go háirithe deacrachtaí cuimhne feidhmiúla, agus mar a théann siad i bhfeidhm ar an fhoghlaim. Táthar ag súil go dtosóidh múinteoirí ranga ar dheacrachtaí cuimhne a shainaithe agus go ndéanfaidh siad coigeartuithe cuí ar straitéisí atá siad a úsáid. Nuair a bhíonn siad ag beartú gníomhaíochtaí foghlama do pháistí ina rang, ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go n-áirítear tacaíocht do pháistí ag a bhfuil deacrachtaí cuimhne acu ina gcur chuige idirdhealaithe.

C=consain, V=guta (CVC = consain, guta, consain e.g. map; CCVC = slap; CCCVC=strap)

Sonraí teagmhála s.mcmurray@stran.ac.uk

Léitheoireacht Mholta

Gathercole agus Alloway (2008) Working Memory and Learning: A Practical Guide for Teachers, SAGE Publications

Tagairtí

Bresnitz, Z (2006) Fluency in Reading: Synchronization of Processes, Lawrence Erlbaum Associates

Carroll, J. M., Snowling, M. J., Hulme, C. agus Stevenson, J. (2003) 'The Development of Phonological Awareness in Preschool Children', *Developmental Psychology*, 39(5), lgh. 913-923.

Everett, J., Weeks, S. agus Brooks, P (2008) 'Profiles of Strengths and Weaknesses in Dyslexia and Other Learning difficulties', *Dyslexia*, 14:16-41

Frith, U. (1980) (Eag) *Cognitive Processes in Spelling*. New York: Academic Press

Gathercole, S. agus Alloway, T. (2008) *Working Memory and Learning: A Practical Guide for Teachers*, SAGE Publications

McMurray, Drysdale agus Jordan (2009) Motor processing difficulties: guidance for teachers in mainstream classrooms, support for learning, *lml. 24, No.3 lgh. 119-125*

Treiman, R. agus Cassar, M., (1997) 'Spelling Acquisition in English', in Perfetti, C.A., Rieben, L. agus Fayol, M. (Eds) *Learning to Spell. Research, Theory and Practice Across Language*. N.J.: Laurence Erlbaum

Turner, T. agus Bodien, P. (2007) 'Dyslexia Guidance: Helping pupils with specific learning difficulties in reading and writing', nferNELSON)

